Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Aibreán 2026
(OR. en)

8538/26
ADD 1

LIMITE

FISC 147
ECOFIN 523
EPPO 19
*ECB*
*EIB*

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0348(CNS)**

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann le rochtain Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) agus na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) ar fhaisnéis faoi cháin bhreisluacha ar leibhéal an Aontais<br>– Cur chuige ginearálta<br>= Ráitis |

## RÁITIS ÓN gCOIMISIÚN

**Ráiteas ón gCoimisiún maidir le comhairliúchán Eurofisc**

Tugann an Coimisiún dá aire an fhoclaíocht in Airteagal 36(2e) lena bhforáiltear go rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le Eurofisc agus an dréachtghníomh cur chun feidhme á ullmhú lena gcinnfear na critéir, an fhaisnéis atá le háireamh agus na foirmeacha caighdeánacha le haghaidh thuarascálacha anailíse Eurofisc.

Meabhraíonn an Coimisiún, faoi Airteagal 291 CFAE agus Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, go nglacann an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme, i bprionsabal, i gcomhréir leis an gcreat nós imeachta coiste is infheidhme Sa chomhthéacs sin, foráiltear i bpointe 30 de Chomhaontú Idirinstitiúideach 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr gur cheart do na hinstitiúidí staonadh ó cheanglais nós imeachta a chur le reachtaíocht an Aontais lena n athrófaí na sásraí maidir le rialú a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Measann an Coimisiún go dtagann ábhair imní dhlíthiúla agus institiúideacha as ceanglas nós imeachta ceangailteach a dhéanamh de chomhairliúchán le Eurofisc, toisc go dtugtar isteach leis céim bhreise roimh an nós imeachta coiste foirmiúil, go ndéanann sé difear don chothromaíocht institiúideach, agus go bhféadfadh sé éiginnteacht nós imeachta a chruthú nach bhfuil gá léi.

Cé go n aithníonn an Coimisiún ábharthacht oibríochtúil shaineolas Eurofisc, ba cheart an t ionchur sin a chur san áireamh ar bhealach atá comhsheasmhach leis an ngnáthchreat lena rialaítear gníomhartha cur chun feidhme agus gan oibleagáidí nós imeachta breise a chruthú don Choimisiún.

Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, nár cheart breathnú ar an bhfoclaíocht sin mar fhasach le haghaidh gníomhartha reachtacha eile.

Tá an Coimisiún den tuairim fós, i gcás ina bhfuil ionchur oibríochtúil nó teicniúil úsáideach agus gníomhartha cur chun feidhme á n ullmhú, gurb é an cur chuige iomchuí é a chur ar a chumas don Choimisiún comhairle den sórt sin a lorg, seachas oibleagáid nós imeachta éigeantach a dhéanamh de chomhairliúcháin den sórt sin.

Cuireann an Coimisiún i bhfios thairis sin go bhfuil comhairliúchán le Eurofisc le linn chéim ullmhúcháin na ndréachtghníomhartha cur chun feidhme faoi Airteagal 36(2e) fós ar leithligh go hiomlán ón nós imeachta coiste. Is de chineál comhairleach agus neamhcheangailteach amháin é comhairliúchán den sórt sin agus ní dhéanann sé difear do lánrogha an Choimisiúin a chumhachtaí cur chun feidhme a fheidhmiú faoi Airteagal 291 CFAE. Go sonrach, ní thugtar aon ról cinnteoireachta do Eurofisc leis, ná ní cheanglaítear ar an gCoimisiún leis a thuairimí a leanúint ná a chur san áireamh.

**Ráiteas ón gCoimisiún maidir le pointe comhordúcháin TF**

Aithníonn an Coimisiún gur ábhar imní é an gá go rachadh OLAF i gcomhar le húdaráis náisiúnta i ndáil le húsáid a bhaint as sonraí CBL a bhfaightear rochtain orthu faoi Rialachán (AE) Uimh. 904/2010, agus an gá le húsáid chomhordaithe agus éifeachtúil a acmhainní imscrúdúcháin a áirithiú. Dá bhrí sin, deimhníonn an Coimisiún a oscailteacht ó thaobh feabhsuithe ábhartha i gcomhthéacs a athbhreithnithe ar ollstruchtúr frithchalaoise an Aontais atá le teacht, lena n áirítear na creataí is infheidhme maidir leis na príomhghníomhaithe frithchalaoise, i.e. OIPE, OLAF, EUROJUST, EUROPOL, agus ar an Treoir CLA.

PUBLIC